Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 3

# Oifig an Ard-Aighne

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 3, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I dtaca leis an riachtanas seo, tá cuntas ullmhaithe agus ceangailte agam leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Ard-Aighne, agus deontas san áireamh.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachais don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.019 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Feidhmíodh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le táirgeadh cuntas leithreasaithe nuair a bhí an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Stiúrthóir/Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar bhonn comhsheirbhíse. Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as rialuithe a oibriú laistigh de na hIonaid Seirbhíse Comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht do bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuthe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, go bhfuil

- córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe á ndéanamh go rialta ag an mbainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- córas bainistíochta riosca á oibriú laistigh den Oifig
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil ann agus go gcloítear le disciplíní bainistíochta tionscadail foirmiúla.

***Comhlíonadh rialacha soláthair***

Cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú. Chomhlíon an Oifig na teoirlínte ach amháin maidir le haon chonradh amháin dar luach €146,486 a caitheadh ar sheirbhísí parlaiminte. Ní raibh an conradh seo faoi réir próiseas iomaíoch soláthair i rith na bliana toisc go bhfuil an Oifig sásta nach féidir an obair a fháil níos eacnamaíche mar gheall ar nádúr speisialaithe na hoibre atái gceist. Tá sé ar cheann d'ocht gconradh ar a bhfuil luach foriomlán €492,563 a dámhadh gan próiseas iomaíoch a leanúint agus a áiríodh sa tuairisceán 40/2002 toisc go sáraíonn siad an táirseach thuairiscithe de €25,000. Meastar go gcomhlíonann na seacht gconradh eile ar luach €346,077 iad toisc go dtagann an bonn cirt leis na conarthaí seo a dhámhachtain faoi na heisceachtaí ó phróiseas iomaíoch a cheadaítear i reachtaíocht náisiúnta agus AE.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig trí chonradh le gnólacht iniúchta gairmiúil le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

Bhí feidhm iniúchta inmheánaigh don Oifig i bhfeidhm le linn 2019.

***Creat rioscaí agus rialaithe***

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus tá siad seo aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear na rioscaí go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as rialuithe a oibriú ar fhoireann shonrach.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear na heaspaí rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach agus as bainistíocht agus as MAC, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar an mbainistíocht shinsearach laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2019, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Damien Ó Maoldomhnaigh**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

27 Mártha 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig an Ard-Aighne agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

10 Meitheamh 2020

## Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

# Cuntas Leithreasa 2019

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Seachadadh seirbhísí gairmiúla dlí don Rialtas, do Ranna agus d'Oifígí | 16,353 | 15,153 | 14,835 |
| **Ollchaiteachas** | | **16,353** | **15,153** | **14,835** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | 761 | 580 | 649 |
| **Glanchaiteachas** | | **15,592** | **14,573** | **14,186** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas na suime a soláthraíodh thar an nglanmheid a chuirtear i bhfeidhm a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **1,019,223** | **1,135,979** |

**Damien Ó Maoldomhnaigh**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

27 Mártha 2020

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas chláir | | 2,073 | 2,008 |
| Pá | | 10,971 | 10,771 |
| Neamhphá | | 2,109 | 2,056 |
| **Ollchaiteachas** | | **15,153** | **14,835** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **580** | **649** |
| **Glanchaiteachas** | | **14,573** | **14,186** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (102) | | |
| Dímheas | 177 | 75 | (11) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | (71) | | |
| Méadú ar stoc | (8) | (79) | 126 |
| **Caiteachas díreach** | | **14,569** | **14,301** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,521 | 2,258 |
| Measchíosanna | | 791 | 763 |
| **Glanchostas an chláir** | | **17,881** | **17,322** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 3 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 1,996 | 1,722 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 214 | 229 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 13 | 13 |
| Lárchiste - | pinsin maidir le iar Ard-Aighní | 298 | 294 |
| | | **2,521** | **2,258** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar a bhí 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 327 | 402 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.2 | 40 | 32 |
| Réamhíocaíochtaí | | 159 | 133 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 84 | 95 |
| Ioncam fabhraithe | | 3 | -- |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste atá dlite | 2.5 | 21 | 435 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 307 | 695 |
| **Lúide sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 62 | 138 |
| Speansais fhabhraithe | | 69 | 111 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.4 | 43 | 392 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 174 | 641 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 133 | 54 |
| **Glansócmhainní** | | **460** | **456** |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.6 | **460** | **456** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | 1,691 | 4,704 | 6,395 |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2019 | | | |
| Breiseanna | 2 | 100 | 102 |
| Diúscairtí | (6) | (4) | (10) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2019 | **1,687** | **4,800** | **6,487** |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2019 | 1,624 | 4,369 | 5,993 |
| Dímheas don bhliain | 20 | 157 | 177 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (6) | (4) | (10) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2019 | 1,638 | 4,522 | 6,160 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019** | **49** | **278** | **327** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018 | 67 | 335 | 402 |

## 2.2 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 15 | 9 |
| Ábhar inchaite TF | 25 | 23 |
| | **40** | **32** |

## 2.3 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 38 | 38 |
| Comhchostais in-fhorchúitithe | -- | 1 |
| Scéim pas taistil | 41 | 52 |
| Ilghnéitheach | 5 | 4 |
| | **84** | **95** |

## 2.4 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 8 | 9 |
| Cáin bhreisluacha | 31 | 3 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 4 | 374 |
| Creidiúnaithe eile | — | 6 |
| | **43** | **392** |

## 2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le tabhairt suas | 1,019 | 1,136 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingte | (1,040) | (1,571) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste atá dlite** | **(21)** | **(435)** |
| **Arna léiriú ag** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 84 | 95 |
| | 84 | 95 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (43) | (392) |
| Banc agus airgead tirim | (62) | (138) |
| | (105) | (530) |
| | **(21)** | **(435)** |

## 2.6 Cuntas mhaoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 456 | 571 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 15,592 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (1,019) | | |
| Glanvóta | | | 14,573 | 14,186 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | | 1.1 | 2,521 | 2,258 |
| Caiteachais neamhairgid – cíos barúlach | | 1 | 791 | 763 |
| Glanchostas an chláir | | 1 | (17,881) | (17,322) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **460** | **456** |

## 2.7 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** ag 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 559 | 648 |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos trasna na gclár, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 11,894 | 10,971 | 10,771 |
| ii | Taisteal agus cothú | 210 | 271 | 249 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 640 | 646 | 573 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 63 | 68 | 56 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 590 | 705 | 761 |
| vi | Speansais áitribh oifige | 160 | 82 | 100 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus beartas | 43 | 5 | 28 |
| viii | Saineolas dlí faoi chonradh | 280 | 180 | 178 |
| | | **13,880** | **12,928** | **12,716** |

### Athruithe suntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar Meastacháin €11.894 milliún, toradh: €10.971 milliún*

D'eascair an coigilteas de €923,000 toisc nár líonadh gach post san Oifig I gcónaí i rith na bliana.Bhí ceadú ar leith ag teastáil ó phoist dlí shinsearacha sula bhféadfadh an Oifig bogadh chun iad a líonadh agus thóg earcaíocht foirne níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis. Mar thoradh ar imréiteach slándála na foirne a bhí le hearcú, cuireadh moil ar líonadh na bpost.

**viii Saineolas dlí faoi chonradh**

*Soláthar Meastacháin €280,000, toradh: €180,000*

Tháinig an laghdú €100,000 chun cinn mar gheall ar riachtanas níos ísle ná mar a bhíothas ag súil le saineolas dlí conartha. Ní raibh ach conraitheoir amháin ag an Oifig ag dréachtú reachtaíochta le linn 2019 agus í ag bogadh chun poist bhuana dréachtaithe a líonadh laistigh den Oifig.

## Clár A Seachadadh seirbhísí gairmiúla dlí don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán-pá | 11,894 | 10,971 | 10,771 |
| A.2 | Riarachán-neamhphá | 1,986 | 1,957 | 1,945 |
| A3 | Siuntiúis d'eagrais idirnáisiúnta | 39 | 44 | 39 |
| A.4 | An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí | 2,295 | 2,073 | 2,008 |
| A.5 | Costais ghinearálta dhlí | 139 | 108 | 72 |
| | | **16,353** | **15,153** | **14,835** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €1.2 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach báire. Bhain €952,000 de sin le caiteachas riaracháin agus ba é a leanas ba chúis le hiarmhéid athraitheas an €248,000 go príomha:

**A.4 An Coimisiún Um Athchóiriú an Dlí**

*Soláthar meastacháin €2.295 milliún, toradh: €2.073 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €222,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chostais tuarastail níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí. Tháinig sé seo chun cinn toisc nár líonadh gach post ceadaithe sa Choimisiún i rith na bliana.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | 753 | 577 | 648 |
| 2 | Ilghnéitheach | 8 | 3 | 1 |
| | **Iomlán** | **761** | **580** | **649** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Cuireadh rannaíocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad sin ó Eanáir 2019.

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí na leithreasaí i gcabhair €181,000 níos mó ná an meastachán. Leagtar mínithe le haghaidh athruithe amach thíos:

1 **Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastacháin: €753,000, réadaithe: €577,000*

D’eascair an t-easnamh de €176,000 toisc nár líonadh gach post ceadaithe, san Oifig agus sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí araon, i gcónaí le linn 2019.

## Nóta 5 Soláthar Foirne & Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| **Comhionann le fostaithe lánaimsire** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 157 | 147 |

### 5.2 Pá

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 9,967 | 9,844 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 90 | 67 |
| Liúntais eile | 14 | 29 |
| Ragobair | 14 | 13 |
| ÁSPC an Fhostóra | 886 | 818 |
| **Pá iomlán** | **10,971** | **10,771** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht aonair ab airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2019** | **2018** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 12 | 4 | 20,745 | 20,614 |
| Liúntais eile | 9 | -- | 8,969 | 8,969 |
| Ragobair | 6 | -- | 9,391 | 7,576 |
| Luach saothair breise i níos mó ná aon chatagóir amháin | 2 | -- | 7,467 | 12,280 |

### 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Cuimsíonn an cuntas seo caiteachas de €466,064 (tuarastal €341,626 agus liúntais €124,438) i leith cúig oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig ar feadh 2019 ar fad nó cuid di, ar íoc an Oifig a dtuarastail. Tugadh beirt de na hoifigigh seo ar iasacht chuig an Aontas Eorpach, tugadh duine acu ar iasacht chuig an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine agus tugtar an bheirt eile ar iasacht mar shaineolaithe náisiúnta don Aontas Eorpach. Tá an figiúr tuarastail de €341,626 san áireamh i nóta 5.2 thuas ach níl figiúr na liúntas de €124,428, atá i leith liúntas cothaithe, san áireamh i nóta 5.2 thuas.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba é an ró-íocaíocht ag deireadh na bliana ná €0 (2018: €16,843, seisear aonair).

## Aguisín A Cuntais an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí

Feidhmíonn an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí faoi choimirce na hOifige. Baineann a ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha le 2018. Eisíodh an tuarascáil iniúchta an 16 Nollaig 2019. Tá an tAire Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí freagrach as ráitis airgeadais an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtas. Níl ráitis airgeadais iniúchta 2018 faighte ag an Aire go fóill agus níor cuireadh i láthair an Oireachtas iad fós.